# An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis
**Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath**

# Tuarascáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

**An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**
**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis**
**Ionad Eolaíocht Sláinte**
**Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath**
**Belfield**
**Baile Átha Cliath 4**
**Éire**

**Tel: (01) 7165555**
**Fax: (01) 7165511**

Is féidir dul i dteagmháil leis an Aonad FOI ar an teileafón nó trí ríomhphost ag forensic.medicine@ucd.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist a úsáid i gcás iarratas ginearálta maidir le FOI ach ní féidir é a úsáid chun iarratas a leagan isteach sa chás go bhfuil táille iarratais i gceist.

## OSCAILT OIFIGIÚIL<br>AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE<br>AG CAMPAS BELFIELD<br>AG COLÁISTE NA hOLLSCOILE, BAILE ÁTHA CLIATH

D'oscail Uachtarán UCD, an Dr. Hugh Brady agus an tAire Stáit ag an Roinn Iompair, an tUasal Noel Ahern áitreabh nua an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre go hoifigiúil an 11 Nollaig 2008. D'fhreastail níos mó ná ochtó aoi ar an ocáid, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar son go leor réimsí a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, iompar, forfheidhmiú agus seirbhísí agus taighde fhoréinseach.

Cathaoirleach — Stiúrthóir

Dáta: 23 Iúil 2009

## SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair an Biúró ceithre iarratas i rith 2008. Diúltaíodh roimh trí chinn de na hiarratais ag an tús agus déileáileadh le ceann acu lasmuigh den Acht. Iarradh athbhreithniú inmheánach ar na cinntí i gcás trí chinn de na cáis ar diúltaíodh rompu. I ndiaidh don athbhreithneoir inmheánach athbhreithniú a dhéanamh orthu, níor athraíodh an cinneadh a rinneadh ag an tús i gcás dhá chás, agus chuir an t-athbhreithneoir inmheánach ar neamhní é agus bhronn sé i bpáirt é.

| **IARRATAIS A FUARTHAS I RITH 2008** | |
|---|---|
| **Diúltaithe** | **2** |
| **Tarraingthe Siar/Déileáileadh leo taobh amuigh den FOI** | **1** |
| **Iarratais a Bronnadh i bPáirt** | **1** |
| **Iarratais san Iomlán** | **4** |

| **ATHBHREITHNITHE** | |
|---|---|
| **Iarratais d'Athbhreithneoir Inmheánach** | **3** |
| **Iarratais don Choimisinéir Faisnéise le haghaidh athbhreithnithe** | **2** |

| **IARRATASÓIRÍ 2008** | |
|---|---|
| **An Pobal** | **2** |
| **Eile** | **2** |

Leanann an Biúró leis ag cur eolais ar fáil de réir FOI chomh minic agus is féidir. Is féidir Leabhar Tagartha Alt 15 agus 16 de chuid an Biúró a fháil ach é a iarradh.

# RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

**Freagracht an Rialaithe Inmheánaigh**

Thar ceann Chomhaltaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus a fheidhmiú.

Níl féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú in am tráthúil.

**Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe**

Tá na príomh-nósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag an mBiúró, agus tá siad deartha le córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chur ar fáil laistigh den Bhiúró. D'aontaigh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Bhiúró ag a chruinnithe agus tionóladh ceithre cheann de na cruinnithe sin in 2008.

Leag an Biúró a nósanna imeachta agus a chleachtais tarmligin amach le timpeallacht rialaithe thrédhearcach atá oiriúnach do ghníomhaireacht leathstáit bheag a chinntiú. Bhunaigh an Biúró Coiste Iniúchta i rith 2003 le tacú le dearbhú cáilíochta nósanna imeachta airgeadais. Thionóil an Coiste trí chruinniú le linn 2008 agus thuairiscigh sé don Bhiúró.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Go sonrach áirítear air:

- Córas buiséadaithe cuimsithe le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn an Biúró.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíochta airgeadais i gcoinne tuartha.
- Spriocanna chun feidhmíocht airgeadais oibriúcháin agus feidhmíocht eile a leagan amach.
- Disciplíní bainistíochta tionscadail foirmiúla.

De réir an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit ceapadh Iniúchóir Inmheánach in 2006. Rinne an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na cuntais in 2007 agus chuir sé tús le hoibriú iomlán in 2008.

**Athbhreithniú Bliantúil ar Rialaithe**

Rinne an Biúró athbhreithniú ar éifeachtúlacht a chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais in 2008 de réir na riachtanas.

An tOlllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach.

straitéiseacha agus déanann sé athbreithniú ar straitéis an Bhiúró i ndáil le bainistíocht riosca agus ar phróisis rialaithe ar bhonn bliantúil.

**1. Comhlíonadh**
Tá áthas ar an mBord a bheith in ann tuairisciú go raibh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ag comhlíonadh le forálacha ábhartha an Chóid Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i rith na bliana dár críoch 31 Nollaig 2008. Rinneadh iniúchadh imheánach i rith 2008 sa Bhiúró

**2. Ballraíocht an Bhiúró agus Cruinnithe**
Bhí ceithre chruinniú ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2008. Reáchtáladh na cruinnithe sin an 7 Bealtaine 2008, 16 Iúil 2008, 9 Deireadh Fómhair 2008 agus an 4 Nollaig 2008.

**3. Leas an Bhoird**
Ní raibh aon leas ag an mBord a bhí in oifig amhail an 31 Nollaig 2008 chun críche na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

**4. Coiste Iniúchta**
Déanann an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar aon ghné a bhaineann le cúrsaí airgid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an coiste de réir téarmaí tagartha foirmeálta. Is iondúil go bhfreastalaíonn baill an Choiste ar na cruinnithe agus tuairiscíonn sé don Bhord faoi dhó sa bhliain.

**5. Soláthar**
Dearbhaíonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé le nósanna imeachta soláthair agus le Treoracha ábhartha an AE de réir mar atá siad leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i rith 2008.

## ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tháinig an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998. Tá an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tagtha faoi chúram an Achta agus ón uair sin ar aghaidh, tá sé ag comhlíonadh leis na téarmaí atá ann de réir an Achta. De réir comhaontaithe le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, íocann an Coláiste soláthróirí ar dtús, agus ansin íocann an Biúró an Coláiste. Polasaí de chuid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre é cinntiú go n-íocfaí gach sonrasc go pras. Mar chomhlacht san earnáil phoiblí, éilítear ar Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath comhlíonadh le riachtanais an Achta i ndáil le híocaíochtaí do sholáthróirí a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí agus tá nósanna imeachta an-dhian i bhfeidhm aige dá bharr sin.

Nuair a fhaigheann an Biúró sonrasc i gcás líon beag soláthróirí, eiseoidh sé íocaíocht go díreach don soláthróir i bhfoirm seic. Ní féidir leis na rialuithe seo maidir le próiseáil sonrasc agus aighneas ach dearbhú réasúnta a thabhairt i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábhartha leis an Acht, agus ní dearbhú absolóideach atá ann.

28. D'fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Chúrsa cúig lá do Riarthóirí LAN ón 1 go dtí an 5 Nollaig 2008 in Sureskills Ltd., 14 Plás Mhic Liam, Baile Átha Cliath 2.

29. D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí ar chúrsa a mhair lá amháin ar *GC Trouble Shooting* an 4 Nollaig 2008 in Carl Stuart, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

30. D'fhreastail sé bhall is fiche den fhoireann ar Chúrsa Athbhreithní PMDS in 2008.

31. D'fhreastail sé bhall den fhoireann ar Chúrsa Athbhreithneora PMDS in 2008.

32. D'fhreastail naoi mball den fhoireann ar Chúrsa Oiliúna ar Láimhsiú Sábháilte an 6 Deireadh Fómhair 2008.

33. D'fhreastail dhá bhall déag den fhoireann ar Chúrsa Oiliúna ar Mhúchtóirí Tine an 20 Samhain 2008.

## CEAPACHÁIN FOIRNE IN 2008

Thionscain an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre córas nua maidir le cúrsaí foirne agus athstruchtúraithe sa Bhiúró i rith 2008. D'éirigh leis cúig bhall déag nua a earcú don fhoireann:

**Eolaíoch:**
- Seisear Anailísithe
- Oifigeach Teicniúil Leictreonach Amháin
- Beirt Fhreastalaithe Saotharlainne

**Riaracháin:**
- Triúr Cúntóirí Fheidhmeannacha
- Cúntóir Feidhmeannach Sinsearach Amháin

**Fáiltiú & Slándáil**
- Beirt Fhreastalaithe Fáiltithe

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta na caighdeáin is airde Rialachais Corparáidaigh a choinneáil. Is é an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit atá foilsithe ag an Roinn Airgeadais an bhuntreoir atá in úsáid ag an mBord do rialachas corparáideach. Tá an Bord cuntasach don Roinn Iompair agus don Roinn Airgeadais. Bíonn cruinnithe rialta ag an mBord agus tá freagracht aige as bainistiú cóir an Bhiúró. Déanann sé mór-chinntí

14. D'fhreastail an tArd- Anailísí ar chruinniú RSA ar Shábháilteacht ar na Bóithre an 4 Meitheamh i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath.

15. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil dhá lá an 'British Association of Forensic Medicine' ón 27 – 28 Meitheamh 2008 i mBaile Átha Cliath, Éire.

16. Thug Príomh-Anailísí cuairt ar Cozart sa Ríocht Aontaithe an 24 Iúil 2008.

17. D'fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chúrsa Iniúchta don ISO a mhair dhá lá an 9 agus 10 Meán Fómhair 2008 san NSAI Glas Naíon, Baile Átha Cliath.

18. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chruinniú Líonra Ceimice a mhair lá amháin an 23 Meán Fómhair 2008 i Saotharlann an Stáit, Backweston, Co. Chill Dara.

19. D'fhreastail beirt Phríomh-Anailísithe ar ghrúpa úsáideoirí UKNEQAS a mhair lá amháin an 24 Meán Fómhair 2008 in Birmingham, Sasana.

20. D'fhreastail an t-Ard-Anailísí agus beirt Phríomh-Anailísithe ar chruinniú FTNET a mhair lá amháin an 29 Meán Fómhair 2008 sa Crawford Burn Inn, Béal Feirste, Tuaisceart Éireann.

21. D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí Sinsearach ar chruinniú Grúpa Úsáideoirí Lion a mhair dhá lá sa Hilton Hotel, Bristol, Sasana an 16 agus 17 Deireadh Fómhair 2008.

22. D'fhreastail an tOifigeach Riaracháin Sinsearach ar sheimineár leath lá ar Chosaint Faisnéise an 21 Deireadh Fómhair 2008 san IPA, Bóthar Lansdún, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 2

23. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chúrsa trí lá ar LC-MS *Fundamentals and Applications* ón 3 – 5 Samhain 2008 sa Glenroyal Hotel, Má Nuad, Co. Chill Dara.

24. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil IBEC a mhair lá amháin ar 'Shláinte agus Sábháilteacht– Ábhair Mheisciúla ag obair' an 6 Samhain 2008 i mBaile Átha Cliath, Éire.

25. D'fhreastail an tOifigeach Teicniúil ar Chúrsa Oiliúna do Mhaoirseoirí EBT a mhair dhá lá go leith i Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 an 5, 6 agus 21 Samhain 2008.

26. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chruinniú CEN TC/367 ar Ghléasanna chun Scagadh a dhéanamh ar Anáil ón 17 – 19 Samhain 2008 in DKE, Frankfort, an Ghearmáin.

27. D'fhreastail Anailísí ar Chúrsa dhá lá dar teideal Oiliúint a chur ar an Oiliúnóir in Oifig an Irish Times, Cé Aston, Baile Átha Cliath 2 an 27 agus 28 Samhain 2008.

## COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR FHREASTAIL BAILL FOIRNE ORTHU I RITH 2008:

1. Chríochnaigh Anailísí Dióplóma Iarchéime i Míochaine Fhoréinseach in 2008 in Belfield, UCD a mhair bliain agus a mba chúrsa páirtaimseartha é.

2. Lean Anailísí le cúrsa MSc in Eolaíocht Fhoréinseach ó Mheán Fómhair 2007 atá á reáchtáil ar bhonn cianfhoghlama in Ollscoil Staffordshire.

3. D'fhreastail beirt Anailísithe ar chúrsa Oiliúna d'Oibritheoirí Best 2000 a mhair dhá lá san MBRS, Belfield, UCD an 7 agus 8 Feabhra 2008.

4. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar Chúrsa d'Agallóirí a mhair lá amháin an 13 Feabhra 2008 in Belfield, UCD.

5. D'fhreastail an tArd-Anailísí agus Príomh-Anailísí ar Sheimineár LC/MS sa Dublin Crowne Plaza, Seantreabh, Baile Átha Cliath 9 a mhair lá amháin an 11 Márta 2008.

6. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar an gcruinniú CEN TC/367 ar Ghléasanna chun Scagadh a dhéanamh ar Anáil a mhair trí lá ón 26 – 28 Márta 2008 in AFNOR, 11 Rue France De Pressense, Saint-Denis, Páras, an Fhrainc.

7. D'fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil I.M.O (Seisiún Eolaíoch ar Scrúdaitheoirí Míochaine Foréinseacha) a mhair dhá lá an 28 – 29 Márta 2008 i gCill Áirne, Co. Chiarraí, Éire.

8. D'fhreastail Beirt Anailísithe ar chúrsa Robert F. Borkenstein ar Éifeachtaí Drugaí ar Fheidhmíocht agus ar Iompar an Duine a mhair sé lá ón 13 go dtí an 18 Aibreán 2008 in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, Meiriceá.

9. D'fhreastail Príomh-Anailísí ar chúrsa agallóra oilte in Belfield, UCD an 16 Aibreán 2008.


10. D'fhreastail Príomh-Chúntóir Feidhmeannach ar Chúrsa Oiliúna do Mhaoirseoirí EBT i Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 a mhair dhá lá go leith an 23 agus 24 Aibreán 2008 agus an 16 Bealtaine 2008.

11. D'fhreastail Anailísí ar chúrsa Robert F. Borkenstein ar Alcóil agus Sábháilteacht ar an Mótarbhealach a mhair sé lá ón 4 go dtí 9 Bealtaine 2008 in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, Meiriceá.

12. D'fhreastail Príomh-Anailísí agus Anailísí ar Chomhdháil IACT 2008 a mhair cúig lá ón 18 – 22 Bealtaine 2008 sa Mission Palms Hotel, Temple, Phoenix, Arizona, Meiriceá.

13. D'fhreastail Cúntóir Feidhmeannach Sinsearach ar Chúrsa Gar-Chabhrach a mhair lá amháin an 19 Bealtaine 2008 in Belfield, UCD.

**Cairt 8**
**ANAILÍS DRUGAÍ – TÁSTÁIL DEIMHNITHE 2008**




## 4. Seirbhísí Saineolaíocha Proifisiúnta agus Freastal ar an gCúirt

Bhí ar bhaill éagsúla d'fhoireann an Bhiúró fianaise shaineolaíoch phroifisiúnta a thabhairt i gcásanna cúirte i rith na bliana daichead a sé uair, agus bhain cúig cheann déag acu le hanailís alcóil ar fhuil agus ar fhual. Dúshláin dhlíthiúla i ndáil le tástáil fhianaiseach anála a bhí i bhfiche a dó acu agus bhain naoi gcinn acu le hanailís drugaí. Bhí baill foirne réidh le freastal ar an gcúirt roinnt uaireanta ach níor glaodh orthu.

Leanann an Biúró ag soláthar tacaíocht shaineolaíoch neamhspleách phroifisiúnta d'fhonn cabhrú leis na cúirteanna maidir le riaradh cirt. Bhí an líon fiosruithe agus iarratas ar fhaisnéis a tháinig ó pháirtithe in imeachtaí coiriúla cosúil leis an líon a bhí ann in 2007.

# BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR NA BÓITHRE

Tá an Stiúrthóir ina bhall den Phainéal Comhairleach ar Shábháilteacht ar na Bóithre agus d'fhreastail sé ar chruinniú an 27 Feabhra 2008.

## 3. Anailís Drugaí ar Fhuil agus ar Fhual


Déanann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre anailís ar eiseamail fola agus fuail chun drugaí a bhraith de bhun na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (DUID).

Déanann an Biúró anailís a bhraitheann seacht ndruga nó aicme drugaí éagsúla trí úsáid a bhaint as teicníc imdhíon-mheasa (ELISA) agus déantar anailís deimhnithe trí úsáid a bhaint as Crómatagrafaíocht Gáis / Mais-Speictriméadracht (GC/MS) nó Crómatagrafaíocht Leachta (LC/MS). Cuireadh eiseamail a ndearnadh tástáil dhearfach orthu ar aghaidh chuig Saotharlann an Cheimiceora Rialtais (LGC) le haghaidh anailíse deimhnithe.

Fuarthas 1,867 eiseamal fola agus fuail le haghaidh anailíse i rith 2008. Deimhníodh go raibh druga nó drugaí i 1,411 (76%) de na heiseamail, níor aimsíodh aon druga i gcás 431 (23%) de na heiseamail agus níor deimhníodh 25 (1%) de na heiseamail de bharr cúiseanna teicniúla.

Ardú 61.5% atá anseo ar líon na n-eiseamal DUID a tástáladh in 2007. Áiríodh leis seo gach eiseamal a fuarthas a bhí faoi bhun na teorann dlíthiúil d'alcól ar an 1 Iúil 2008 agus 104 eiseamal ina raibh leibhéal an alcóil níos airde ná an teorainn dhlíthiúil agus inar iarr na Gardaí anailís drugaí Bhí 10 n-eiseamal ann freisin ina ndearnadh anailís alcóil trí thástáil fhianaiseach anála agus inar iarr na Gardaí anailís drugaí.

**Cairt 7**
**ANAILÍS DRUGAÍ – TÁSTÁIL TOSAIGH 2008**



## TÁBLA VI
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN ANÁIL I gCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN

| µg alcóil in aghaidh 100ml Anála | 2008 | | 2007 | | Tréimhse 5 Bliain 2002 - 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| 0 - 35 | 2,898 | 25.2 | 3,113 | 23.8 | 8,656 | 20.5 |
| TEORAINN DHLÍTHIÚIL | | | | | | |
| 36 – 44 | 1,530 | 13.3 | 1,730 | 13.2 | 4,460 | 10.5 |
| 45 – 66 | 3,782 | 32.9 | 4,411 | 33.7 | 14,464 | 34.2 |
| 67 – 88 | 2,401 | 20.9 | 2,766 | 21.2 | 10,689 | 25.3 |
| 89 & Níos Airde | 890 | 7.7 | 1,061 | 8.1 | 4,029 | 9.5 |

## TÁBLA VII
## LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUIL, FUAL AGUS ANÁIL I gCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN


| Leibhéal Alcóil | | | 2008 | | 2007 | | Tréimhse 5 bliain 2002- 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FUIL mg/100ml | FUAL mg/100ml | ANÁIL µg/100ml | No. | % | No. | % | No. | % |
| 0 – 80 | 0 – 107 | 0 – 35 | 4,932 | 28.4 | 4,704 | 25.0 | 11,689 | 18.7 |
| TEORAINN DHLÍTHIÚIL | | | | | | | | |
| 81-100 | 108 – 135 | 36 – 44 | 1,896 | 10.9 | 2,173 | 11.6 | 5,705 | 9.1 |
| 101 – 150 | 136 – 200 | 45 – 66 | 4,946 | 28.5 | 5,618 | 29.9 | 18,736 | 29.9 |
| 151 – 200 | 201 – 267 | 67 – 88 | 3,612 | 20.8 | 4,098 | 21.8 | 16,571 | 26.4 |
| 201 agus os a chionn | 268 agus os a chionn | 89 agus os a chionn | 1,966 | 11.4 | 2,199 | 11.7 | 9,997 | 15.9 |

Taispeánann Tábla VII an chomparáid idir 2008 and 2007 do na torthaí deimnithe d'eiseamail fola, fuail agus anála a fuarthas le haghaidh anailíse agus leis an tréimhse cúig bliana roimhe sin.

## TÁBLA V
## LEIBHÉIL ALCÓIL DEIMHNITHE IN EISEAMAIL ANÁLA A SOLÁTHRAÍODH IN 2008

| µg. Alcóil in aghaidh 100ml Anála | Céad Cheathrú | Dara Ceathrú | Tríú Ceathrú | Ceathrú Ceathrú | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 - 35** | 751 | 797 | 619 | 731 | **2,898** |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **36 – 44** | 424 | 421 | 332 | 353 | **1,530** |
| **45 – 66** | 1,030 | 949 | 828 | 975 | **3,782** |
| **67 – 88** | 673 | 607 | 548 | 573 | **2,401** |
| **89 & Níos Airde** | 238 | 243 | 199 | 210 | **890** |

## Cairt 6
## LEIBHÉIL ALCÓIL DEIMHNITHE IN EISEAMAIL ANÁLA A SOLÁTHRAÍODH IN 2008



## 2. Anailís Alcóil ar Anáil

Tógadh 12,699 eiseamal anála in 2008 i Staisiúin na nGardaí. Laghdú 11.5% é an figiúr seo i gcomparáid le 2007. Deimhníodh 11,501 de na heiseamail; bhí 74.8% acu os cionn na teorann dlíthiúil. As líon iomlán na dtastálacha anála a cláraíodh, i gcás 1,198 acu níor soláthraíodh ráiteas de bhun Alt 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre.

### 2.1 Suiteáil Ionstraimí

Is é seasca-ceathar líon iomlán na nIonstraimí atá suiteáilte i Staisiúin na nGardaí ar fud na tíre.

### 2.2 Tástáil & Cuairteanna ar Staisiúin na nGardaí

Thug Eolaithe an Bhiúró cuairt agus rinne siad tástáil ar gach ionstraim a bhí suiteáilte cheana féin i staisiúin na nGardaí ar a laghad faoi dhó i rith 2008. Tá níos mó ná céad is seachtó cúig cuairt déanta ag eolaithe an Bhiúró ar shuíomhanna ina bhfuil ionstraimí EBT ar fud na hÉireann i rith na bliana. Dhéileáil na cuairteanna seo le tástáil, cothabháil agus le cigireachtaí a bhí ordaithe ag an gcúirt.

### 2.3 Oiliúint do Thástáil Fhianaiseach Anála

Lean an cúrsa oiliúna EBT dhá lá a beartaíodh chun oiliúint a chur ar Oibritheoirí agus Maoirseoirí an Gharda Síochána i rith 2008. Eolaí ón mBiúró a sheol na cúrsaí oiliúna in éineacht le ball ó scoil oiliúna inseirbhíse an Gharda Síochána atá lonnaithe i gCearnóg Fhearchair.

Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas i rith 2008:

- Naoi gCúrsa Oiliúna Déag d'Oibritheoirí
- Aon Chúrsa Oiliúna Déag do Mhaoirseoirí

### 2.4 Meán-Leibhéal Alcóil san Anáil

Is é 53µg/100ml an Meán-Leibhéal Alcóil san Anáil.

### 2.5 Dhá Oiread na Teorann Dlíthiúil

Bhí 23.5% de líon na n-eiseamal anála a soláthraíodh níos mó ná dhá oiread na teorann dlíthiúil.

### 2.6 Scagthástáil Alcóil ar Anáil ar thaobh an Bhóthair

Lean an Biúró ag tacú leis na gléasanna leictreonacha Draeger 6510 agus d'eisigh sé gléasanna Draeger Alcotest 80A ina shéidtear i mála do na Gardaí.

Tá 1,075 gléasanna leictreonacha Dreager do thaobh an bhóthair ceannaithe ag an mBiúró ó 2005. Tá 46 (4%) de na gléasanna caillte nó scriosta chun dáta. Ag aon am amháin, tá os cionn 90% de na gléasanna eisithe ag na Gardaí.

### 2.7 Anailís ar Eiseamail Anála


Tugann Cairt 6 agus Tábla V miondealú ar na leibhéil alcóil a tomhasaíodh san anáil i rith 2008. Déanann Tábla VI comparáid idir na leibhéil alcóil a fuarthas in eiseamail anála in 2008 agus na leibhéil a fuarthas in 2007.


## TÁBLA III
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUIL – COMPÁRÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fola | 2008 | | 2009 | | Na cúig bliana 2002 - 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| 0 - 80 | 943 | 28.6 | 800 | 24.3 | 1,561 | 12.9 |
| **Teorainn Dhlíthiúil** | | | | | | |
| 81 - 100 | 197 | 6.0 | 244 | 7.4 | 661 | 5.5 |
| 101 - 150 | 677 | 20.5 | 693 | 21.0 | 2,406 | 19.9 |
| 151 - 200 | 759 | 23.0 | 803 | 24.4 | 3,435 | 28.5 |
| 201 & Níos Airde | 724 | 21.9 | 754 | 22.9 | 4,008 | 33.2 |

## TÁBLA IV
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUAL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fuail | 2008 | | 2009 | | Na cúig bliana 2002 - 2006 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| 0 - 107 | 1,091 | 42.8 | 791 | 32.7 | 1,472 | 17.7 |
| **Teorainn Dhlíthiúil** | | | | | | |
| 108 - 135 | 169 | 6.6 | 199 | 8.2 | 584 | 7.0 |
| 136 - 200 | 487 | 19.1 | 514 | 21.3 | 1,866 | 22.4 |
| 201 - 267 | 452 | 17.7 | 529 | 21.9 | 2,447 | 29.4 |
| 268 & Níos Airde | 352 | 13.8 | 384 | 15.9 | 1,962 | 23.5 |


Cairt 4
LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUIL I gCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN
35
30
25
20
15
10
5
0
Céatadán
0-80
81-100
101-150
151-200
201 & Níos Airde
Mg Alcóil in aghaidh 100 ml fola
2008
2007
2002 - 2006


Cairt 5
LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUAL I gCOMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SIN
45
40
35
30
25
20
15
10
5
0
Céatadán
0-107
108-135
136-200
201-267
268 & Níos Airde
Mg Alcóil in aghaidh 100 ml fuail
2008
2007
2002-2006


## TÁBLA I
## LEIBHÉIL ALCÓIL DEIMHNITHE SNA hEISEAMAIL FOLA A FUARTHAS IN 2008

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fola | Céad Cheathrú | Dara Ceathrú | Tríú Ceathrú | Ceathrú Ceathrú | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 – 80** | 218 | 238 | 242 | 245 | **943** |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **81 – 100** | 40 | 52 | 55 | 50 | **197** |
| **101 – 150** | 153 | 184 | 178 | 162 | **677** |
| **151 – 200** | 174 | 201 | 212 | 172 | **759** |
| **201 & Níos Airde** | 179 | 164 | 189 | 192 | **724** |


## TÁBLA II
## LEIBHÉIL ALCÓIL DEIMHNITHE SNA hEISEAMAIL FUAIL A FUARTHAS IN 2008

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fuail | Céad Cheathrú | Dara Ceathrú | Tríú Ceathrú | Ceathrú Ceathrú | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| **0 – 107** | 281 | 252 | 264 | 294 | **1,091** |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| **108 – 135** | 41 | 48 | 38 | 42 | **169** |
| **136 – 200** | 129 | 96 | 143 | 119 | **487** |
| **201 – 267** | 115 | 100 | 116 | 121 | **452** |
| **268 & Níos Airde** | 90 | 94 | 85 | 83 | **352** |

## CAIRT 2
## MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE SNA hEISEAMAIL FOLA A FUARTHAS IN 2008




## CAIRT 3
## MÉID ALCÓIL DEIMHNITHE SNA hEISEAMAIL FUAIL A FUARTHAS IN 2008




## 1.4 Dhá Oiread na Teorann Dlíthiúil

Deimhníodh go raibh 2,018 eiseamal i rith 2008 a bhí dhá oiread na teorann dlíthiúil nó níos mó. Is é seo 34.5% de líon iomlán na n-eiseamal a deimhníodh.

## 1.5 Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail

Tá miondealú i dTablaí I agus II den tuarascáil seo ar thiúchain alcóil sna heiseamail fola agus fuail a fuarthas i 2008. Déanann Táblaí III agus IV comparáid idir na leibhéil fola agus fuail a bhí ann agus leibhéil na mblianta roimhe sin. Freagraíonn Cairteacha 2 agus 3 le Táblaí I agus II agus Cairteacha 4 agus 5 do Tháblaí III agus IV faoi seach. Tógadh isteach tástáil Éigeantach Alcóil i mí Iúil 2006.



# GNÍOMHAÍOCHTAÍ
# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Rinneadh anailís ar 18,706 eiseamal fola, fuail agus anála le haghaidh tiúchan alcóil i 2008. Laghdú 7.4% san iomlán a bhí san fhigiúr seo i gcomparáid leis an líon iomlán eiseamal a ndearnadh anailís orthu i rith 2007. Léiríonn Cairt 1 na heiseamail fola, fuail agus anála a ndearnadh anailís orthu i rith 2008 agus sa tréimhse deich mbliana roimhe sin. Rinneadh anailís ar 1,867 eiseamal le haghaidh drugaí, ardú 61.6% ar 2007.

Chun críche na tuarascála seo, tá rangú déanta ar ghníomhaíochtaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre agus is iad seo a leanas na cúig phríomhchlár:

1. **Anailís Alcóil ar Fhuil agus ar Fhual**
2. **Anailís Alcóil ar Anáil**
3. **Anailís Drugaí ar Fhuil agus ar Fhual**
4. **Taighde – Tiomáint faoi Thionchar Ábhar Meisciúil**
5. **Seirbhísí Saineolaíocha Proifisiúnta agus Freastal ar an gCúirt**

Seo a leanas an miondealú:

## 1. Anailís Alcóil ar Fhuil agus ar Fhual

Fuarthas 6,007 eiseamal fola agus fuail le haghaidh anailíse rith 2008. Rinneadh anailís agus eisíodh teastais i gcás 5,851 acu. Níor eisíodh teastais i gcás 156 (2.6%), de bharr easnaimh éigin san eiseamal féin nó sa cháipéisíocht a tháinig in éineacht leis. Ardú 2.5% a bhí i líon na n-eiseamal fola agus fuail a fuarthas in 2008 i gcomparáid le 2007.

### 1.1 Líon na nEiseamal a Tugadh in Ospidéil

Cuireadh 318 eiseamal ar fáil in ospidéil, ardú 9% ar 2007. Bhí tiúchain alcóil os cionn 150mg/100ml fola nó 200mg/100ml fuail ag 22% acu seo, agus bhí 26% acu níos mó ná 200mg/100ml fola nó 267mg/100ml fuail.

### 1.2 Anailís Ama

I dtéarmaí líon iomlán na n-eiseamal fola agus fuail a fuarthas, soláthraíodh 74% idir na huaireanta 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., 12% idir 4.00 i.n. agus 9.00 r.n., agus 14% idir 6.00 i.n. agus 4.00 r.n. Tá na figiúirí seo cosúil le 2007 agus 2006.

### 1.3 Meán-Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail

Is é 130mg/100ml an meán-leibhéil alcóil i bhfuil.
Is é 132mg/100ml an meán-leibhéil alcóil i bhfual.

## BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA
## AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is ag an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá an fhreagracht tástáil cheimiceach a dhéanamh ar ábhair mheisciúla in Éirinn, ar comhlacht corparáideach é a bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 de bhun Cuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire an 22 Iúil 1997 go dtí an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil. Tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair i mí an Mheithimh 2002 tar éis don Ordú chun Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú 2002 teacht i bhfeidhm.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha síos sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 –2007 agus ina rialúcháin agus áirítear leo:

- Glacadh le heiseamail fola agus fuail a cuireadh ar aghaidh ag an mBiúró, agus anailís a dhéanamh orthu le haghaidh ábhar meisciúil.
- Eisiúint teastas anailíse.
- Soláthar trealaimh chun eiseamail fola agus fuail a thógáil nó a sholáthar.
- Trealamh nó gaireas chun alcól san anáil a thaispeáint a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil.
- Trealamh nó gaireas chun an tiúchan alcóil ar an anáil a chinntiú a fhaomhadh, a sholáthar agus a thástáil.
- Taighde a dhéanamh ar ólachán agus ar dhrugaí i gcomhthéacs tiomána, lena n-áirítear na modhanna atá ann chun an leibhéal alcóil nó drugaí i gcolainn duine a chinntiú mar aon le heipidéimeolaíocht tiomána faoi thionchar ábhar meisciúil.

Faigheann an Biúró a mhaoiniú ó Dheontas Bliantúil a thagann ón Vóta don Roinn Iompair. Is é an tAire Iompair a cheapann an Bord agus tá cúigear comhaltaí air (an Stiúrthóir san áireamh). Is iad na comhaltaí Boird atá ann ná an tOllamh Cecily Kelleher (Cathaoirleach), an tOllamh Denis A. Cusack (Stiúrthóir), an tUasal Declan Hayes, an tUasal Philip Joyce agus an tUasal Niall McNamara.

Úsáideann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre an t-áitreabh agus an fhoireann atá curtha ar fáil dó de réir comhaontuithe leis an Scoil Mhíochaine agus Eolaíocht Mhíochaine i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath atá lonnaithe san Ionad do na hEolaíochtaí Míochaine, Belfield, Baile Átha Cliath 4. Ard-Anailísí amháin, triúr Príomh-Anailísithe, cúigear Anailísithe Sinsearacha, naonúr Anailísithe, Oifigeach Teicniúil Sinsearach amháin, Oifigeach Teicniúil amháin, beirt Fhreastalaithe Saotharlainne, beirt Fhreastalaithe Fáiltithe, Oifigeach Riaracháin Sinsearach amháin, Oifigeach Riaracháin amháin, triúr Cúntóirí Feidhmeannacha Sinsearach agus ceathrar Cúntóirí Feidhmeannacha atá fostaithe ag an mBiúró faoi láthair. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistiú laethúil a dhéanamh ar an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## CLÁR NA nÁBHAR

Leathanach :

BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 1
GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE 2
1. Anailís Alcóil ar Fhuil agus ar Fhual 2
1.1 Líon na nEiseamal a Tugadh in Ospidéil 2
1.2 Anailís Ama 2
1.3 Meán-Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail 2
1.4 Dhá Oiread na Teorann Dlíthiúil 3
1.5 Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail 3
2. Anailís Alcóil ar Anáil 8
2.1 Suiteáil Ionstraimí 8
2.2 Tástáil & Cuairteanna ar Staisiúin na nGardaí 8
2.3 Oiliúint do Thástáil Fhianaiseach Anála 8
2.4 Meán-Leibhéal Alcóil san Anáil 8
2.5 Dhá Oiread na Teorann Dlíthiúil 8
2.6 Scagthástáil Alcóil ar Anáil ar thaobh an Bhóthair 8
2.7 Anailís ar Eiseamail Anála 8
3. Anailís Drugaí ar Fhuil agus ar Fhual 11
4. Seirbhísí Saineolaíocha Proifisiúnta agus Freastal ar an gCúirt 12
BALLRAÍOCHT AR CHOISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR NA BÓITHRE 12
COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNITHE AR FHREASTAIL BAILL FOIRNE ORTHU I RITH 2008 13
CEAPACHÁIN FOIRNE IN 2008 15
RIALACHAS CORPARÁIDEACH 15
1. Comhlíonadh 16
2. Ballraíocht an Bhiúró agus Cruinnithe 16
3. Leas an Bhoird 16
4. Coiste Iniúchta 16
5. Soláthar 16
ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997 16
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH 17
SAORÁIL FAISNÉISE 18
OSCAILT OIFIGIÚIL AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE AG CAMPAS BELFIELD AG UCD 19

# Tuarascáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

**An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**
**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis**
**Ionad Eolaíocht Sláinte**
**Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath**
**Belfield**
**Baile Átha Cliath 4**
**Éire**

**Tel: (01) 7165555**
**Fax: (01) 7165511**